

An Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá COVID-19

Réamhstaitisticí (amhail an 9 Aibreán 2020)

**Tá na staitisticí seo sealadach agus déanfar athbhreithniú
orthu.**

Léargas ginearálta

Tá an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) ar fáil d'fhostóirí a choinníonn a mbaill foirne ar an bpárolla le linn na paidéime COVID-19, rud a chiallaíonn gur féidir le fostóirí nasc a choinneáil lena bhfostaithe nuair a fheabhsaíonn gnó i ndiaidh na géarchéime.

Tá an SFSP á oibriú ag na Coimisinéirí Ioncaim tríd an gcóras párolla agus táthar ag súil leis go mairfidh sé 12 sheachtain ón 26 Márta 2020.

Bunaithe ar na sonraí go dtí an 9 Aibreán:

- Tá breis agus 41,000 fostóirí cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh an SFSP.
- Tá breis agus 26,200 fostóirí tar éis aisíocaíocht a fháil cheana féin faoin SFSP.
- Tá breis agus 219,400 fostaithe tar éis íocaíocht amháin ar a laghad a fháil faoin SFSP, agus díobh sin tá timpeall 80% tar éis íocaíocht bhreisithe a fháil óna bhfostóirí.

Ar an 9 Aibreán, tá breis íocaíochtaí ginte ag na Coimisinéirí Ioncaim faoin scéim ar fiú €34m iad. Beidh na híocaíochtaí seo ina gcuntas bairc ag an gcuid is mó de na fostóirí ábhartha faoin gcéad lá baincéireachta eile. Is ionann €155m agus luach carnach na n-íocaíochtaí a rinneadh faoin scéim. San áireamh leis seo tá €14.8m i gCáin Ioncaim atá íoctha agus a aisíoctha thar an tréimhse chéanna.

Is éard atá sna táblaí ar na leathanaigh seo a leanas ná staitisticí tosaigh agus réamhstaitisticí maidir leis na fostóirí agus na fostaithe atá tar éis na haisíocaíochtaí seo a fháil go dtí seo faoin SFSP.

Tábla 1: Anailís de réir na Rannóg sna Coimisinéirí Ioncaim atá ag déileáil leis an bhFostóir

Rannóg sna Coimisinéirí Ioncaim	Sciar na bhFostóirí %	Sciar na bhFostaithe %
Rannóg na gCásanna Móra	0.1%	8.6%
Rannóg na bhFiontar Meánmhéide	13.3%	42.1%
Rannóg na gCánacha Gnó	81.4%	45.1%
Rannóg na gCánacha Pearsanta	4.9%	4.3%
Gach Rannóg	100%	100%

Tábla 2: Anailís de réir Láthair an Fhostóra

Láthair an Fhostóra*	Sciar na bhFostóirí %	Sciar na bhFostaithe %
Cathair Bhaile Átha Cliath	14.2%	18.4%
Contae Bhaile Átha Cliath	13.6%	17.1%
An Cabhán	1.6%	1.6%
Ceatharlach	1.3%	1.6%
Ciarraí	3.2%	2.8%
Cill Chainnigh	2.0%	1.5%
Cill Dara	5.3%	5.7%
Cill Mhantáin	3.2%	2.4%
An Clár	2.2%	1.6%
Cathair Chorcaí	2.7%	2.9%
Contae Chorcaí	8.5%	6.8%
Dún na nGall	3.1%	2.4%
Gaillimh	5.5%	5.2%
An Iarmhí	2.1%	1.8%
Laois	1.5%	1.1%
Liatroim	0.5%	0.3%
Loch Garman	3.5%	3.0%
An Longfort	0.8%	0.7%
Lú	3.3%	3.5%
Luimneach	3.8%	3.8%
Maigh Eo	2.6%	2.3%
An Mhí	4.1%	3.2%
Muineachán	1.6%	1.6%
Port Láirge	2.4%	2.9%
Ros Comáin	1.1%	0.9%
Sligeach	1.3%	1.0%
Tiobraid Árann	3.1%	2.2%
Uíbh Fhailí	1.5%	1.4%
Gach Láthair	100%	100%

*Bunaithe ar phríomhláthair an fhostóra.

Tábla 3: Anailís de réir Earnáil Gheilleagrach an Fhostóra

Earnáil an Fhostóra*	Sciar na bhFostóirí %	Sciar na bhFostaithe %
Airgeadas & árachas	0.8%	0.8%
Cúram do chónaitheoirí & obair shóisialta	2.8%	3.9%
Déantúsaíocht	8.8%	15.1%
Eastát réadaigh	2.0%	1.4%
Foilsitheoireacht, closamharc & craoltóireacht	0.8%	0.7%
Fóntais	0.6%	1.2%
Gníomhaíochtaí teaghlaigh mar fhostóirí	0.0%	0.0%
Iompar & stóráil	3.6%	5.9%
Lóistín & seirbhísí bia	9.6%	13.9%
Na healaíona, siamsaíocht & fóillíocht	3.0%	3.4%
Oideachas	2.7%	2.0%
Riarachán poiblí & cosaint	0.6%	0.3%
Seirbhísí dlí, cuntasaíocht, bainistíocht, ailtireacht	8.3%	4.8%
Seirbhísí eile	3.4%	2.9%
Seirbhísí eile gairmiúla, eolaíochtúla & teicniúla	1.8%	0.8%
Seirbhísí riaracháin & tacaíochta	4.4%	4.3%
Seirbhísí sláinte do dhaoine	2.8%	1.0%
Taighde & forbairt eolaíochtúil	0.1%	0.1%
Talmhaíocht, foraoiseacht & iascaireacht	1.9%	1.1%
Teileachumarsáid	0.1%	0.0%
TFC & seirbhísí eile eolais	1.2%	0.8%
Tógáil	18.7%	13.0%
Trádáil mórdhíola & miondhíola	21.8%	22.7%
Gach Earnáil	100%	100%

*Bunaithe ar earnáil phríomhghníomhaíochtaí an fhostóra.

Tábla 4: Anailís de réir Mhéid an Fhostóra

Líon na bhFostaithe*	Sciar na bhFostóirí %	Sciar na bhFostaithe %
1-2	21.3%	3.6%
3-5	25.4%	8.1%
6-9	17.7%	9.5%
10-19	17.2%	15.7%
20-29	6.8%	10.1%
30-39	3.3%	6.4%
40-49	2.0%	4.8%
50-99	3.6%	13.1%
99-249	2.0%	11.3%
250+	0.7%	17.3%
Gach Fostaí	100%	100%

*Bunaithe ar líon na bhfostaithe atá á íoc ag an bhfostóir tríd an SFSP.